Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11223 – PAI PARTNERS/INFRA GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 315/06)

1. An 24 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— PAI Partners SAS (an Fhrainc), ('PAI Partners'),

— We Connect Infra NV (an Bheilg) ('Infra Group').

Gheobhaidh PAI Partners rialú aonair ar Infra Group ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh Eorpach é PAI Partners a bhainistíonn cistí a infheistíonn i gcuideachtaí atá gníomhach sna hearnálacha seo a leanas: seirbhísí gnó, bia agus tomhaltóirí, tionscail ghinearálta, agus cúram sláinte. Is máthairchuideachta na gcuideachtaí seo a leanas, *inter alia*, é PAI Partners,

— M Group Services ('MGS'), ar cuideachta é a sholáthraíonn bonneagar, sonraí agus seirbhísí eile d'earnálacha rialáilte na bhfóntas, na teileachumarsáide agus an iompair;

— Apleona, ar cuideachta seirbhísí eastáit réadaigh é a sholáthraíonn seirbhísí bainistíochta saoráidí den chuid is mó, go háirithe bainistíocht saoráidí teicniúla (e.g. oibriú agus cothabháil foirgneamh, bainistiú fuinnimh), bainistiú saoráidí bonneagair (e.g. glanadh, lónadóireacht, slándáil) agus bainistiú saoráidí tráchtála (e.g. bainistiú maoine, billeáil, bainistiú conarthaí); agus

— Apave, ar cuideachta é atá gníomhach i réimse na bainistíochta riosca theicniúil, comhshaoil, dhaonna agus dhigitigh. Mar chuid dá ghnó, cuireann Apave réimse iomlán seirbhísí ar fáil a bhaineann le tástáil, cigireacht theicniúil, cigireacht theicniúil tógála agus deimhniú ('seirbhísí TIC'). Ar bhonn níos lú, cuireann sé seirbhísí comhairliúcháin agus oiliúna gairmiúla ar fáil freisin a bhaineann le bainistíocht riosca, ar ,

— Is soláthraí oibreacha bonneagair líonra ildisciplíneacha é Infra Group (leictreachas, uisce agus séarachas, téamh gáis agus ceantair, teileachumarsáid, créchartadh, tionscal, agus soilsiú poiblí). Cuireann sé réimse iomlán seirbhísí ar fáil, idir dhearadh, innealtóireacht, shuiteáil agus chothabháil líonraí bonneagair. Tá Infra Group gníomhach sa Bheilg, sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus san Ísiltír.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11223 – PAI PARTNERS/INFRA GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË